



# Coimisinéirí Ioncaim

Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs

## Ráiteas Straitéise 2017-2019

## Brollach ón mBord

Tá ról ríthábhachtach ag na Coimisinéirí Ioncaim mar lucht riartha cánach agus custaim na hÉireann, agus iad ag bailiú cánacha agus dleachtanna atá dlite don Stát. I measc na gcomharthaí a thugann le fios go bhfuil ag éirí lenár straitéisí, áirítear fáltais státchiste atá ag dul i méid de réir a chéile, agus leibhéal mhaithe comhlíonta leis an dlí cánach agus custaim atá ag éirí níos fearr i gcónaí. Os a choinne sin, tá na timpeallachtaí eacnamaíocha agus gnó ag athrú de shíor, agus is gá dúinn a bheith réidh i gcónaí do dhúshlán atá ag teacht chun cinn agus freagairt dóibh go héifeachtach.

Beidh dúshlán ar leith le sárú sna trí bliana atá amach romhainn. Ní mór aird faoi leith a dhíriú ar athruithe eacnamaíocha agus polaitiúla mar thoradh ar an mBreatimeacht, forbairtí cánach idirnáisiúnta, agus treochnaí atá ag teacht chun cinn maidir le conas a fheidhmíonn gnólachtaí. Go himheánach, is gá tús áite a thabhairt i gcónaí don dúshlán a bhaineann le saineolas a chothú agus a fheabhsú agus súil le líon mór ball foirne a bhfuil taithí acu a chailliúint nuair a rachaidh siad ar scor. Tá muinín againn gur féidir linn dul i ngleic leis na dúshlán sin trí phleanáil chúramach agus trí acmhainní a bhainistiú.

Is é iompar comhlíonta cáiníocóra a chinnfidh cineál, méid agus iarmhairtí ár n-idirghabhála comhlíonta le haghaidh gach cáiníocóra. Tá rochtain againn ar líon mór sonraí agus faisnéise ó fhoinsí tríú páirtí, agus úsáidimid sonraí digiteacha agus líonraí cánach domhanda chun cáiníocóirí a sháraíonn an dlí a rianú.

Dóibh siúd ar mian leo a gcuid cánach a íoc, déanfaimid é a dhéanamh chomh héasca agus chomh simplí agus is féidir trí chomhairle agus trí fhaisnéis a sholáthar ar líne agus ar chainéil eile araon agus trí chórais atá furasta le húsáid a chur ar fáil chun tuairisceáin a chur isteach agus chun íocaíochtaí a dhéanamh. I gcás na ndaoine sin nach mian leo a gcuid cánach a íoc nó ar mian leo dul i muinín calaoise nó smuigleála, déanfaimid an neamhchomhlíonadh a dhéanamh casta trí leas a bhaint as na cumhachtaí ar fad atá againn lena n-áirítear ionchúiseamh.

Leanfaimid d'infheistíocht a dhéanamh inár ndaoine, ár dteicneolaíocht, ár gcórais seirbhíse do chustaiméirí, agus ár n-acmhainneacht sainaitheanta rioscaí agus idirghabhála, agus cuirfimid ár struchtúir in oiriúint a mhéid is féidir don iliomad dúshlán atá amach romhainn. Cuirfimid lenár n-ardán ard-digiteach agus le nuachóiriú ÍMAT trí chórais nuálacha dhinimiciúla a dhearadh. Ar an ábhar sin, bainfimid amach áit ar leith mar cheann de na húdaráis mhóra cánach agus custaim i réimse na gclár fíor-ama agus uathobrithe.

**Niall Cody**  
Cathaoirleach

**Liam Irwin**  
Coimisinéir

**Gerry Harrahill**  
Coimisinéir

## Ár gCuspóirí

### Ár misean

Freastal ar an bPobal trí chánacha agus dleachtanna a bhailiú agus rialúcháin chustaim a chur i bhfeidhm go cothrom agus go héifeachtúil.

### Ár luachanna

Glacadh le hIonracas Meas agus cúirtéis Rúndacht do cháiníocóirí Ionracas, oscailteacht agus cuntasacht Cruinneas agus comhsheasmhacht Nuálaíocht agus sármhaitheas Gairmiúlacht

### Ár bhfís

Is eagraíocht riartha cánach agus custaim muid atá dírithe ar chustaiméirí agus ar chomhlíonadh

Is eagraíocht riartha cánach agus custaim muid atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach

Déanann na Coimisinéirí Ioncain a ndícheall forbairt de shíor chun ár misean a sheachadadh i dtimpeallacht shóisialta, eacnamaíoch agus theicniúil atá ag athrú. Thar shaolré an Ráitis Straitéise seo, leanfaidh na Coimisinéirí Ioncain de dhíriú ar dhá cholún straitéiseacha: 'Seirbhís chun tacú leis an gcomhlíonadh' agus 'Dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh'. Leanfaimid dár mbonn custaiméirí a roinnt ina dheighleoga agus a thuiscint, agus cuirfimid ár straitéisí seirbhísí agus comhlíonta in oiriúint dá réir sin.

Cuirfimid béim ar leith ar é a dhéanamh chomh héasca agus is féidir do cháiníocóirí a bheith comhlíontach dá ndeoin féin. Tabharfaimid tús áite d'acmhainní ar líne agus féinseirbhíse a sholáthar ionas gur féidir le cáiníocóirí a n-idirghníomhú linn a bhainistiú ar bhealach cost-éifeachtúil. Tabharfaimid tús áite freisin do bhearta coisctheacha lena n-áirítear athdhearadh córais chun an riosca earráide agus easnamh a laghdú an oiread agus is féidir. Freastalóimid ar cháiníocóirí ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge.

Is é iompar neamhchomhlíontach an cháiníocóra a chinnfidh cineál na hidirghabhála a dhéanfaimid agus déine fhéideartha na hidirghabhála sin. Rachaidh na Coimisinéirí Ioncain i ngleic ar bhealach seasmhach dian le daoine a mbíonn imghabháil cánach ar bun acu, agus déanfaimid iarracht na smachtbhannaí dlíthiúla ar fad atá ar fáil a chur i bhfeidhm lena léiriú a thromchúisí agus a neamh-inghlactha atá imghabháil cánach agus dleachtanna.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí leanúnacha atá againn

- An méid ceart cánach agus dleachta a bhailiú ag an am ceart
- Tacú le trádáil idirnáisiúnta atá slán, sábháilte, agus dlisteanach
- Rialuithe custaim a chur i bhfeidhm lena n-áirítear cosc a chur ar dhrugaí agus ar shubstaintí mídhleathacha eile
- Seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil do cháiníocóirí
- Dul i ngleic le neamhchomhlíonadh oibleagáidí cánach agus custaim
- Baill foirne atá oilte, tiomanta, fuinniúil agus solúbtha a úsáid, agus
- Bheith ar cheann de na húdaráis mhóra cánach agus custaim go hidirnáisiúnta

## Colún 1: Seirbhís chun tacú leis an gcomhlíonadh

Tacóimid le cáiníocóirí tríd an bhfaisnéis chúí a chur ar fáil le bheith comhlíontach dá ndeoin féin ar an mbealach is cost-éifeachtúla agus is féidir.

Réiteoidimid fadhbanna go tapa éifeachtúil. Oibreoidimid i gcomhar le comhlachtaí ionadaíochta chun an tseirbhís a fheabhsú, chun dul i ngleic le moilleanna, agus chun míthuiscintí a réiteach.

Déanfaimid na nithe seo a leanas agus ár gcuspóir á gcomhlíonadh againn maidir le seirbhís agus tacaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar:

- A bhfuilimid ag súil ó cháiníocóirí a chur in iúl go soiléir
- Faisnéis agus tacaíochtaí atá cuí agus spriocdhírthe a chur ar fáil do cháiníocóirí nua
- Comhairle agus tacaíocht thráthúil a chur ar fáil do cháiníocóirí mar aon le freagairtí maithe ar fhadhbanna teicniúla
- Feabhas a chur ar acmhainní féinseirbhíse, ar fhaisnéis, ar threoir agus ar mhodhanna chun cumarsáid a dhéanamh leis na Coimisinéirí Ioncaim
- Córas ÍMAT a nuachóiriú trí chreat fíor-ama a fhorbairt
- Dul i ngleic le cáiníocóirí agus leas a bhaint as suirbhéanna agus anailísíocht chun riachtanais custaiméirí a shainaithint ar bhealach níos fearr
- Tacú le hinfheistíocht agus le trádáil trínár ngréasán conarthaí cánach a fhairsingiú
- Tacú leis an Roinn Airgeadais chun creat beartais cánach a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Tionchar a imirt ar dhearadh an riar cánach agus dleachta ag an AE, an ECFE agus an Chomhairle um Chomhar Custaim
- Nósanna imeachta agus córais chúí a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le himpleachtaí na Breatimeachta

## Colún 2: Dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh

Úsáidimid réimse leathan sonraí, eolais agus teicneolaíochtaí anailíseacha chun rioscaí a shainaithint agus a chainníochtú. Tá an tábhacht a bhaineann le léargas agus le heolas ag dul i méid maidir lenár n-aird a dhíriú ar rioscaí nua nó atá ag teacht chun cinn.

Is é a chinneann an cur chuige a ghlacaimid, ar an gcéad dul síos, iompar an cháiníocóra – go háirithe cineál agus méid an iompair neamhchomhlíontaigh. Tacaímid leis an gcomhlíonadh de dheoin an cháiníocóra féin trí thabhairt faoi idirghabhálacha spriocdhírthe atá dírithe ar rioscaí lena dtugtar freagairt chomhréireach éifeachtach ar an neamhchomhlíonadh agus lena mbainfear amach comhlíonadh deonach as sin amach.

Déanfaimid na nithe seo a leanas inár gcuid gníomhartha chun dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh:

- Díriú agus cur isteach ar ghníomhaíochtaí an scáthgheilleagair lena n-áirítear calaais, trádáil aindleathach, smuigleáil (lena n-áirítear drugaí), agus cur leis an gcomhrac i gcoinne gníomhaíochtaí coiriúla eagraithe
- Leas a bhaint as anailísíocht sonraí chun rioscaí earnála agus iompair a shainaithint agus chun neamhchomhlíonadh a bhrath
- Beartha bailithe fiach a chur i bhfeidhm chun an éifeacht is mó agus is féidir a bhaint amach sa chás nach bhfuil dul chun cinn dáiríre á dhéanamh maidir le roghanna malartacha atá inghlactha don dá thaobh
- Éifeachtacht ár n-idirghabhálacha iniúchóireachta agus comhlíonta eile a fheabhsú trí fhoirne saineolaithe a dhíriú ar na príomhearnálacha agus ar na príomhchineálacha rioscaí
- Scéimeanna imghabhála cánach a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu
- Díriú ar imghabháil cánach easchósta mar bheart tosaíochta
- Cur lenár n-acmhainneacht imghabháil agus calaais thromchúiseach cánach agus dleachtanna a fhiosrú agus a ionchúiseamh
- Nádúr ár n-idirghabhálacha comhlíonta a chur in oiriúint do chineál agus do scála na himghabhála nó an neamhchomhlíonta ar gá dul i ngleic leis
- Comhoibriú go héifeachtach le Ranna agus le Gníomhaireachtaí eile maidir le gníomhaíochtaí tras-Rialtais ábhartha lena n-áirítear, go háirithe, an Roinn Coimirce Sóisialaí, an Garda Síochána, an Biúró um Shócmhainní Coiriúla, agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

## Dul i mbun oibre: Ár nAcmhainní agus Struchtúr

Braitheann ár n-éifeachtacht maidir le tacú leis an gcomhlíonadh agus dul i ngleic leis an neamhchomhlíonadh ar scileanna, inniúlacht agus gairmiúlacht ár mball foirne agus ar inoiriúnaitheacht agus ar sholúbthacht ár struchtúr. Cinntímid go mbíonn deiseanna ag ár mbaill foirne cur leis an bhforbairt agus leis an bpleanáil eagraíochtúil.

Úsáidimid teicneolaíochtaí, reachtaíocht agus sonraí le cur ar chumas ár mball foirne a gcuid oibre a dhéanamh laistigh de chreat rialachais agus cuntasachta atá láidir agus éifeachtach. Gné ríthábhachtach dár ngníomhartha is ea chosaint agus rúndacht ár sonraí agus fhaisnéis na gcáiníocóirí a áirithiú. Déanaimid an comhionannas agus cearta daonna a chosaint agus a urramú laistigh de na seirbhísí, na nósanna imeachta agus na próisis atá againn. Léirítear an tiomantas sin inár gCairt Chustaiméirí, inár gCairt maidir leis an Ionad Oibre, agus sa mhéid a chloímid le beartais ábhartha Státseirbhíse. Chun ár sprioc a bhaint amach maidir le sármhaitheas agus inoiriúnaitheacht ár mball foirne agus le solúbthacht ár struchtúr, cuirfidimid pleananna forbartha fórsa saothair i bhfeidhm.

Déanfaimid na nithe seo a leanas lena áirithiú go bhfuil na daoine agus na struchtúir againn atá riachtanach chun ár misean a chur i gcrích:

- Inniúlacht, buanna agus ceannaireacht inmheánach a fhorbairt agus a choinneáil
- Daoine tréitheacha a mhealladh agus a earcú
- Cur le rannpháirtíocht, cumarsáid agus nuálaíocht i measc na foirne
- Tacú leis an tsárfheidhmíocht agus dul i ngleic leis an tearcfheidhmíocht
- Ár n-acmhainní teicneolaíochta faisnéise a choinneáil ar an gcaighdeán is airde
- Measúnú a dhéanamh ar ár bhfeidhmíocht agus tacú le cultúr nuálaíochta agus foghlama leanúnaí
- Rúndacht i leith cáiníocóirí a chosaint agus slándáil ár gcóras a áirithiú chun faisnéis cáiníocóirí a chosaint
- A áirithiú go gcuirtear ár struchtúr in oiriúint chun cabhrú linn ár dtosaíochtaí straitéiseacha a sheachadadh
- Creat éifeachtach don Rialachas Corparáideach a chothabháil
- Tionscnaimh Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Athnuachana Státseirbhíse a chur chun feidhme

# Torthaí beartaithe

Bainfear na torthaí beartaithe amach má dhéantar na nithe seo a leanas:

- Bailítear an méid ceart cánach agus dleachta ar bhealach tráthúil
- Tugtar rátáil ard don tslí a ndéanaimid cúrsaí cánach agus custaim a riar de réir tagarmharcanna idirnáisiúnta
- Léirítear leibhéal ard sástachta i suirbhéanna i measc custaiméirí
- Comhlíontar caighdeáin seirbhíse agus cloíonn na cleachtais sin leis an deachleachtas idirnáisiúnta
- Baintear amach leibhéal arda comhlíonta dheonaigh
- Laghdaítear an leibhéal fiachais don Státchiste a mhéid is féidir
- Bíonn fáil ar chainéil shlána ardchaighdeáin dhigiteacha agus féinseirbhíse
- Déantar an neamhchomhlíonadh a shainaithint agus cuirtear cosc air nó téitear i ngleic leis
- Is eagraíocht riartha cánach agus custaim muid atá cothrom, trédhearcach agus éifeachtach

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann  
Irish Tax and Customs